Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
National Library of Ireland

**Miontuairiscí ó Chruinniú Boird**
**Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

**Déardaoin an 27 Meitheamh 2024 ag 10.30am**

**Cruinniú hibrideach: Seomra boird, Foirgneamh Leabharlainne Boole, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Corcaigh, T12 ND89 agus físchomhdháil (VC)**

<table>
<tr><td>An Bord</td><td>I láthair:<br>- Eoin McVey, Cathaoirleach<br>- an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Leas-Chathaoirleach (VC)<br>- an Dr Marie Bourke<br>- Michael Diviney<br>- John Grenham (VC)<br>- Lorelei Harris<br>- Elizabeth M. Kirwan<br>- an tOllamh Kalpana Shankar<br>- Caitriona Sharkey<br>- Genevieve Wyeth<br><br>Leithscéalta:<br>- Lisa Grimm<br>- an Dr Brian Lang</td></tr>
<tr><td>Baill Foirne</td><td>I láthair:<br>- an Dr Audrey Whitty, Stiúrthóir<br>- Orla Sweeney, Rúnaí an Bhoird<br>- Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca (VC) (Mír 9 amháin)</td></tr>
<tr><td>Soláthraí seirbhíse</td><td>I láthair:<br>- Rupert Johnston, Stiúrthóir Riosca agus Athléimneachta (Mír 9.1.1)</td></tr>
<tr><td colspan="2">Tabhair faoi deara: Bhí gach comhalta Boird i láthair ó thús deireadh an chruinnithe, mura luaitear a mhalairt. Cuirtear in iúl in (Mír 9) thuas, mar shampla, nach raibh comhalta Boird nó ball foirne i láthair ar feadh thréimhse iomlán an chruinnithe, ach go raibh siad i láthair le haghaidh mír(eanna) áirithe de na miontuairiscí.</td></tr>
</table>

Chuir an Cathaoirleach tús leis an gcruinniú Boird trí fháilte a chur roimh an Dr Brian Lang (leithscéalta), Michael Diviney agus Genevieve Wyeth chuig a gcéad chruinniú Boird tar éis dóibh a bheith ceaptha ag an Aire R/TCEGSM (An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán) ar an 10 Bealtaine 2024.

Luaigh an Cathaoirleach scileanna agus taithí an triúr comhaltaí a bheidh chun leasa an Bhoird agus dúirt sé go raibh súil aige go mbeidh a dtéarma ar Bhord NLI suimiúil agus taitneamhach dóibh.

## 1. Leasanna agus ceisteanna nóis imeachta

Chuir an Cathaoirleach leithscéalta na gcomhaltaí an Dr Brian Lang agus Lisa Grimm in iúl don Bhord agus dhearbhaigh sé go raibh an cruinniú le córam. Mar fhreagra ar iarratas an Chathaoirligh, dhearbhaigh comhaltaí an Bhoird nach raibh aon choinbhleachtaí leasa acu agus ghlac siad le clár oibre an chruinnithe.

**Bhí an cruinniú Boird le córam. Ní raibh aon choinbhleachtaí leasa le dearbhú ag an mBord agus ghlac na comhaltaí leis an gclár oibre.**

Tabhair faoi deara: Scaipeadh na páipéir Bhoird uile roimh an gcruinniú Boird, gan Mír 7 ar an gclár oibre a áireamh: cuireadh an cur i láthair ar fáil ag an gcruinniú agus scaipeadh cóip chuig an mBord ina dhiaidh sin. Glactar leis gur léadh na páipéir uile. Fuair an Bord cóip de *UCC Library Building for the Future: Vision and Plan 2024-2028* in éineacht le stáiseanóireacht UCC.

## 2. Dréacht-mhiontuairiscí chruinniú Boird an 25 Aibreán 2024 agus a bhfoilsiú

Chuir an Cathaoirleach a mhórbhuíochas iúl don Leas-Chathaoirleach as a bheith ina chathaoirleach ar an gcruinniú Boird roimhe sin agus thug sé breac-chuntas ar an gcúis a bhí sé as láthair don Bhord. Chuir an Cathaoirleach in iúl don Bhord, i gcomhréir leis an gcleachtas inmheánach, gur cuireadh na dréacht-mhiontuairiscí ar aghaidh chuig an Leas-Chathaoirleach chun breithniú a dhéanamh orthu sular scaipeadh chuig an mBord iad.

**D’fhormheas an Bord na dréacht-mhiontuairiscí ó chruinniú Boird an 25 Aibreán 2024 gan iad a leasú. D’fhormheas an Bord**

**foilsiú na miontuairiscí formheasta le téacs folaithe iontu mar a aibhsíodh.**

## 3. Nithe ag éirí astu

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an tábla gníomhaíochta 'Nithe ag éirí astu' a nuashonraíodh mar ullmhúchán don chruinniú Boird. Ardaíodh na gníomhartha seo a leanas ag an gcruinniú:

- Gníomh 8, [redacted]

- Gníomh 10, Daonchairdeas: Chuir an Stiúrthóir in iúl don Bhord nach raibh sé féideartha gníomhaíocht an Bhoird a chuir san áireamh sa tionscadal tagarmharcála idirnáisiúnta, atá á threorú faoi láthair ag an gCeannasaí Acmhainní Daonna, mar gheall go raibh an tionscadal rófhada chun cinn. Mar thoradh air sin, tá an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha (C&F) ag tabhairt faoin ngníomh go neamhspleách; d'aontaigh an Stiúrthóir agus an Ceannasaí C&F ar liosta d'institiúidí piaraí a dtabharfar cuireadh dóibh faisnéis a sholáthar maidir lena leibhéil forbartha foirne chun críocha inchomparáide.

- Gníomh 11, Tionscadal Forbartha Caipitil NLI: Chuir an Stiúrthóir in iúl don Bhord gur tháinig Oifigigh Airgeadais R/TCEGSM agus OOP le chéile ar an gcéad seachtain de Mheitheamh chun na socruithe nua Gov & Ops atá beartaithe a phlé maidir lena seasaimh faoi seach, Meabhrán Tuisceana agus acmhainní/saineolas a theastaíonn ó na Forais Chultúrtha Náisiúnta (FCNanna) chun iad a chur i bhfeidhm. D'aontaigh na hOifigigh Airgeadais sin teacht le chéile i gceann míosa agus tá sé de chúram ar Oifigeach Airgeadais R/TCEGSM mionteagasc a thabhairt do Cheannasaithe Airgeadais na FCNanna maidir leis an bplé.

- Gníomh 13, EEDI: Chuir an Stiúrthóir in iúl don Bhord gur mhol Ambasáid na Stát Aontaithe i mBaile Átha Cliath an fhéidearthacht do NLI úsáid a bhaint as Coimisiún Fulbright. Cuirfear in iúl don Bhord cathain a chraolfar an clár faisnéise 'Black and Irish' ina bhfuil dhá agallamh a scannánaíodh in

NLI, ceann amháin le Rúnaí an Smithsonian, an Dr Lonnie G. Bunch, agus ceann eile leis an Stiúrthóir.

- Gníomh 21, beartas maidir le rannpháirtíocht NLI le comhéadan meán ar bith: Chuir an Stiúrthóir in iúl don Bhord, de réir mar a dtugtar cuirí do NLI páirt a ghlacadh i go leor rannpháirtíochta leis na meáin, go ndéantar gach iarratas a mheasúnú in aghaidh ár gcuspóirí cumarsáide atá faoi réir thosaíochtaí straitéiseacha na heagraíochta. Tabharfaidh an Ceannasaí C&F forléargas ar Straitéis Chumarsáide NLI, atá faoi athbhreithniú faoi láthair, don Bhord ag a chéad chruinniú eile.

**Thug an Bord faoi deara an tábla gníomhaíochta 'nithe ag éirí astu' agus na gníomhartha breise ag éirí astu, mar seo a leanas:**

- [redacted]
- **Cuirfidh an Stiúrthóir an Bord ar an eolas maidir le cathain a chraolfar an clár faisnéise 'Black and Irish'; agus**
- **Tabharfaidh Ceannaire C&F forléargas ar Straitéis Chumarsáide nuashonraithe NLI don Bhord ag a chéad chruinniú eile.**

**Thug an Bord faoi deara freisin (i) gur sheol an Cathaoirleach litir chomhbhróin chuig teaghlach an Dr Noel Kissane, grásta ó Dhia air, iar-Oifigeach Oideachais agus Coimeádaí Lámhscríbhinní NLI agus (ii) gur sheol an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach litir chomhpháirteach chuig foireann NLI ag tabhairt ardmholadh dóibh as ucht an chlár 'Celebrating Ireland's Booker Winners' de chuid NLI.**

## 4. Tuarascáil Feidhmiúcháin

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha. Rinneadh plé ar na hábhair seo a leanas, a d'éirigh as an Tuarascáil Feidhmiúcháin:

- Réiteach maidir le Máistirphlean Stórála Bailiúchán: D'aontaigh an Bord go bhfuil gá le stóráil bailiúchán, chun freastal ar shainchúram reachtúil NLI chun na bailiúcháin náisiúnta a chosaint. Dúirt an Stiúrthóir gur cuireadh in iúl don R/TCEGSM, ag an gcruinniú idirchaidrimh NLI-R/TCEGSM a bhí ann le déanaí, go raibh an measúnú eacnamaíoch don Réiteach Máistirphlean, arna choimisiúnú ag NLI, ar bhonn. Thug an

Cathaoirleach faoi deara go bhfuil gá freisin le plean gearrthéarmach chun feidhmiú mar sceach i mbéal bearna go dtí go mbeidh an Réiteach Máistirphlean fadtéarmach i bhfeidhm. Phléigh an Bord agus an Stiúrthóir an acmhainn le haghaidh deiseanna do stóráil bailiúchán chomhoibríoch le hinstitiúidí piaraí. Tháinig an Bord ar chomhaontú cartlann ar an láthair a bheith ag NLI ar Shráid Chill Dara i gcomhréir leis an Réiteach Máistirphlean.

- Airgead a thiomsú le haghaidh an Tionscadail Forbartha Caipitil de chuid NLI: Phléigh an Bord airgead a thiomsú i bhfianaise ceanglais an Rialtais gur gá do NLI céatadán den bhuiséad caipitil a bhailiú. Thug an Stiúrthóir le fios go raibh iarratas ar phoist sa réimse Forbartha san áireamh in aighneacht Mheastachán 2025 NLI toisc nach bhfuil aon bhall foirne atá tiomnaithe d'airgead a thiomsú ann faoi láthair. Phléigh an Bord airgead a thiomsú maidir le beartais chorparáideacha (e.g. frithsciúradh airgid) agus struchtúir eagraíochtúla; leibhéil foirne; agus luach straitéiseach staire teaghlaigh, bronnadh armais agus digitiú chun ceangal a dhéanamh le deontóirí féideartha. D'aontaigh an Bord gur cheart seisiún/seisiúin faisnéise agus C&F (ceist & freagra) le tiomsaitheoirí airgid a bhfuil taithí acu ar mhargadh na hÉireann a eagrú don Bhord mar chuid dá chruinnithe Boird atá ag teacht aníos.

- Sceitheanna uisce: Thug an Stiúrthóir aghaidh ar cheist ón mBord maidir le maoluithe i dtaca le líon na sceitheanna uisce atá ann faoi láthair sna foirgnimh. Thug an Bord faoi deara go dtiocfaidh sceitheanna uisce níos minice agus/nó le níos mó tionchair de thoradh ar an athrú aeráide, agus go bhféadfadh sceitheanna uisce a bheith mar chúis le múscán a bheith sna bailiúcháin.

**Thug an Bord an Tuarascáil Feidhmiúcháin faoi deara. D'aontaigh an Bord na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh:**

- **plean stórála bailiúchán gearrthéarmach a chur i bhfeidhm mar sceach i mbéal bearna go dtí go mbeidh an Réiteach Máistirphlean fadtéarmach i bhfeidhm. Ós rud é go bhfuil an tuarascáil um measúnú eacnamaíoch maidir leis an Réiteach Máistirphlean le cur faoi bhráid an Bhoird ag cruinniú an 24 Deireadh Fómhair seo chugainn, ba cheart breithniú an Fheidhmeannais maidir leis an bplean stórála idir an dá linn a chuir ar fáil don Bhord freisin.**

- **eagrófar seisiún/seisiúin faisnéise agus C&F le tiomsaitheoirí airgid, a bhfuil taithí acu ar mhargadh na hÉireann, mar chuid de na cruinnithe Boird atá ag teacht aníos.**

## 5. Coistí an Bhoird

### 5.1.1 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: Tuarascáil an 12 Meitheamh 2024 agus miontuairiscí an 10 Aibreán 2024

Thug an Leas-Chathaoirleach, ina ról mar Chathaoirleach Coiste, forléargas don Bhord maidir leis an bpáipéar ábhartha Boird, ag tabhairt na nithe seo a leanas faoi deara go háirithe:

- Tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh: Tá dul chun cinn maith déanta ar chur i bhfeidhm na moltaí a d'éirigh as na Tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh éagsúla ar (i) Acmhainní Daonna agus Bainistíocht Daoine agus (ii) Bailiúcháin agus Éadálacha.

- Bainistíocht riosca: Sceitheanna uisce i bhfoirgneamh NLI [redacted]

- Tionscadal Forbartha Caipitil NLI: Beidh na socruithe nua Gov&OPs atá beartaithe mar Mhír sheasta ar Chlár Oibre CIR.

- An t-aistriú ar éilimh speansais an Bhoird agus chomhaltaí an Choiste chuig córas Pá agus Speansais ONSC (Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte): Tabharfaidh an Feidhmeannas tuarascáil chuig CIR ag a chéad chruinniú eile ar fhreagra an ONSC ar a fhiosrúcháin ag eascairt as ríomhmhionteagasc Uimh. 138/24 na gCoimisinéirí Ioncaim.

- Clár oibre/páipéar an Bhoird: Rinneadh athbhreithniú ar an bpáipéar Boird a bhaineann le Mír 9.2.1 den Chlár Oibre agus mhol CIR don Bhord é lena fhaomhadh.

**Thug an Bord tuarascáil Chathaoirleach CIR don Bhord faoi deara ag cruinniú CIR ar an 12 Meitheamh 2024 chomh maith le mionteagasc ó bhéal comhfhreagrach ó Chathaoirleach an Choiste. Thug an Bord faoi deara freisin miontuairiscí formheasta chruinniú CIR an 10 Aibreán 2024.**

### 5.1.2 Comhaltas

**Ar mholadh ó Chathaoirleach an Bhoird agus i gcomhairle leis an gCathaoirleach CIR agus na comhaltaí Boird ábhartha, d'fhormheas an Bord na hathruithe seo a leanas ar chomhaltas CIR:**

- **D'éirigh comhalta Boird, an Dr Marie Bourke, as mar ghnáthchomhalta den CIR le héifeacht ón 27 Meitheamh 2024; agus**
- **Ceapadh an comhalta Boird, Genevieve Wyeth, mar ghnáthchomhalta den CIR le héifeacht ón 28 Meitheamh 2024 go dtí an 9 Bealtaine 2029 (dáta éaga théarma an Bhoird).**

Chuir Cathaoirleach an Bhoird agus an Cathaoirleach Coiste a mbuíochas don Dr Bourke agus Genevieve Wyeth in iúl.

## 5.2 An Coiste um Ghinealas agus Araltas: Tuarascáil an 5 Meitheamh 2024 agus Miontuairiscí an 6 Márta 2024

Chuir an Cathaoirleach Coiste in iúl don Bhord go raibh Lisa Grimm, comhchomhalta an Bhoird agus den Choiste, mar chathaoirleach ar chruinniú an Choiste dar dáta an 6 Márta 2024, toisc go raibh an Cathaoirleach as láthair. Thug an Coiste moladh do chur i láthair an Leas-Stiúrthóra-Cheann na nEastát maidir le Tionscadal Forbartha Caipitil NLI agus ar an turas a rinne an Stiúrthóir agus an Leas-Stiúrthóir ar an Sciathán Thiar ina dhiaidh sin.

Chuir an Cathaoirleach Coiste, i gcomhar le comhalta Boird eile ar an gCoiste, in iúl don Bhord go raibh an méid seo leanas san áireamh ag cruinniú an Choiste ar an 5 Meitheamh 2025:

- cur i láthair ó Chéile Chemin, Cartlannaí Sinsearach sa Chartlann Mhíleata, maidir le Cartlann Phinsin na Seirbhíse Míleata a thug an Coiste ardmholadh dó. Bhronn Céile Chemin freisin cóip de *A Very Hard Struggle – Lives in the Military Service Pensions Collection* ar gach comhalta den Choiste.

- mionteagasc ó Choimeádaí na mBailiúchán Speisialta, ina ról mar Phríomh-Aralt, ar shrianta acmhainní in Oifig an Phríomh-Arailt. Chuir an Cathaoirleach Coiste in iúl don Bhord go raibh gá le gníomhaíocht i dtaca le hacmhainní Oifig an Phríomh-Arailt chun a sainchúram reachtúil a chomhlíonadh. Thug an Cathaoirleach Coiste freagair ar cheisteanna an Bhoird ar líon na n-iarratas agus na gcostas a bhaineann le deonú armais agus ar chliaint Oifig an Phríomh-Arailt. Thug an Stiúrthóir aghaidh ar cheisteanna an Bhoird maidir le hacmhainní daonna laistigh d’Oifig an Phríomh-Arailt, lena n-áirítear an leibhéal foirne reatha agus atá de dhíth, agus a stádas ar an gClár Riosca Corparáideach atá faoi athbhreithniú faoi láthair.

  Chuir an Cathaoirleach Coiste in iúl don Bhord go bhfuil teannas ann le fada an lá maidir le hOifig an Phríomh-Arailt, mar thoradh ar a cuid acmhainní, idir an status quo de phróifíl íseal a choinneáil in aghaidh a phróifíl agus a aschur a mhéadú trí éagsúlacht agus obair pro bono. Thug an Bord faoi deara go gcaithfidh Oifig an Phríomh-Arailt fanacht i seirbhís i bhfianaise a sainchúraim reachtúil agus a luach straitéiseach do NLI.

**Phléigh an Bord tuarascáil ó bhéal Chathaoirleach an Choiste um Ghinealas agus Araltas don Bhord maidir le cruinnithe an Choiste um Ghinealas agus Araltas ar an 6 Márta agus an 12 Meitheamh 2024. Luaigh an Bord freisin miontuairiscí formheasta chruinniú an Choiste um Ghinealas agus Araltas ón 6 Márta 2024.**

**D’iarr an Bord ar an bhFeidhmeannas (i) mionteagasc ó bhéal a sholáthar dó maidir le leibhéil foirne Oifig an Phríomh-Arailt, san am atá caite agus san am i láthair, le haghaidh an chéad chruinniú Boird eile agus (ii) mionteagasc i scríbhinn, le haghaidh chruinniú Boird an 29 Deireadh Fómhair 2024, maidir le hOifig an Phríomh-Arailt agus na roghanna acmhainne, lena n-áirítear a**

**bhféidearthacht, chun oibríochtaí Oifig an Phríomh-Arailt a chaomhnú.**

## 5.3 Coiste Comhairleach na Léitheoirí (RAC)

### 5.3.1 Tuairisc

Chuir an Cathaoirleach Coiste in iúl don Bhord go raibh cruinniú Coiste, a raibh sceidealaithe go sealadach do mhí na Bealtaine, sceidealaithe anois don 26 Meán Fómhair 2024.

**Luaigh an Bord tuarascáil ó bhéal Chathaoirleach RAC don Bhord ar RAC.**

### 5.3.2 Comhaltas

**Ar mholadh ó Chathaoirleach an Bhoird agus i gcomhairle le Cathaoirleach RAC agus comhaltaí ábhartha an Bhoird/AN Choiste, thug an Bord formheas do na hathruithe seo a leanas ar chomhaltas RAC:**

- **D'éirigh comhalta den Choiste, an Dr Audrey Whitty, an Stiúrthóir, as oifig mar ghnáthchomhalta de Choiste Comhairleach na Léitheoirí le héifeacht ón 27 Meitheamh 2024.**

- **Ceapadh an comhalta Boird, Michael Diviney, mar ghnáthchomhalta de Choiste Comhairleach na Léitheoirí le héifeacht ón 28 Meitheamh 2024 go dtí an 9 Bealtaine 2029 (dáta éaga théarma an Bhoird).**

**Chuir Cathaoirleach an Bhoird fáilte gurb amhlaidh go mbeadh beirt chomhaltaí Boird ar RAC anois. Luaigh an Cathaoirleach freisin, i gcomhréir leis an bpáipéar Boird, go leanfaidh an Stiúrthóir, ar chuireadh ón gCathaoirleach Coiste, ag freastal ar gach cruinniú de RAC chun sreabhadh faisnéise agus cumarsáide a éascú idir RAC agus an Feidhmeannas, agus a mhalairt.**

# 6. Tearcmhaoiniú NLI

Thug an Stiúrthóir cur i láthair ar thearcmhaoiniú NLI ag tabhairt faoi deara go mbeidh faisnéis chomhchosúil faighte ag na comhaltaí

nua mar chuid dá n-ionduchtú. Thug an Stiúrthóir freagair do cheist ón mBord ar aighneacht Meastacháin 2025 de chuid NLI.

D’aontaigh an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach, ós rud é gurb é an tAire an cinneadóir gur cheart don Bhord cumarsáid dhíreach a dhéanamh leis an Aire agus/nó leis an Ard-Rúnaí maidir le tearcmhaoiniú NLI.

**Thug an Bord cur i láthair an Stiúrthóra faoi deara maidir le tearcmhaoiniú NLI. Chuir an Cathaoirleach in iúl don Bhord go n-iarrfadh sé féin agus an Stiúrthóir ar chomhchruinniú leis an Aire agus/nó leis an Ard-Rúnaí maidir le haighneacht Meastacháin 2025 de chuid NLI. D’iarr an Cathaoirleach ar an Stiúrthóir teacht ar ais chuig an mBord go tráthrialta i dtaca le tearcmhaoiniú NLI.**

## 7. Cásanna Gnó

In éagmais an Leas-Stiúrthóra-Cheann na nEastát, thug an Stiúrthóir forléargas ar pháipéir ábhartha an Bhoird faoi Mhíreanna 7 agus 8 ar an gClár Oibre.

### 7.1 Eastáit: Bainistíocht Taifead Tráchtála Lasmuigh den Láthair agus an Conradh Seirbhíse Stórála

Thug an Cathaoirleach faoi deara cáilíocht an tsoláthair stórála GRM i gcomparáid le haonad stórála ar léas NLI sa Pháirc Thiar nó i bhfoirgneamh na Cartlainne Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta (CNG).

**Thug an Bord formheas don Fheidhmeannas na roghanna atá i gConradh reatha Bainistíocht Taifead Glenbeigh (GRM) a agairt, le haghaidh an rogha síneadh amháin eile 12 mhí a chur leis an gconradh, ó thréimhse chríochnaithe an chonartha atá formheasta faoi láthair ón 10 Meán Fómhair 2024 go dtí an 10 Meán Fómhair 2025.**

### 7.2 Eastáit: Cás Gnó Deiridh chun tacú leis an Tionscadal Forbartha Caipitil de réir cheanglais an Chóid Caiteachais Phoiblí (CCP)

Thug an Stiúrthóir dá haire cáilíocht an Cháis Ghnó idir an dá linn a chuir Fitzpatrick Associates Economic Consultants ar fáil do NLI.

**Thug an Bord formheas don Fheidhmeannas an chéad cheann de dhá rogha sínte féideartha a agairt ar an gConradh le Fitzpatrick Associates Economic Consultants atá i bhfeidhm faoi láthair, le haghaidh síneadh 12 mhí ar an gconradh ó thréimhse chríochnaithe an chonartha atá formheasta faoi láthair ón 28 Iúil 2024 go dtí an 28 Iúil 2025.**

## 8. Beartais

### 8.1 Eastáit: Ráiteas Sábháilteachta NLI

**D'fhormheas an Bord dréacht-Ráiteas Sábháilteachta NLI Iúil – Nollaig 2024 (Tagairt: NLI_EST_POL_2401) faoi réir na leasuithe seo a leanas:**

- **Tagairt do chomhaltaí Bord NLI a chur san áireamh agus a bhfreagrachtaí ó thaobh sábháilteachta de;**
- **Forainmneacha ó thaobh inscne de a chur in ionad forainmneacha dénártha; agus**
- **An taifead a cheartú chun tabhairt faoi deara nach bhfuil cnaipe práinne ar bith i Seomra Léitheoireachta sa CNG.**

### 8.2 Eastáit: Treochlár NLI um Athrú Aeráide 2024

Chuir an Stiúrthóir in iúl don Bhord go bhfuil sí féin agus an Leas-Stiúrthóir ag tabhairt faoi chúrsa ceannaireachta ar líne 8 n-uaire a chloig i dtaca le gníomhú ar son na haeráide.

**D'fhormheas an Bord Dréacht-Treochlár NLI um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024. D'aontaigh an Bord, ag tabhairt faoi deara go bhfuil sé riachtanach tabhairt faoi chúrsa oiliúna ceannaireachta i dtaca le gníomhú ar son na haeráide, tabhairt faoin gcúrsa ar líne arna moladh ag an bhFeidhmeannas roimh an gcéad chruinniú eile den Bhord agus comhairle a thabhairt don Chathaoirleach, ag an gCruinniú Boird, más rud é go bhfuil tuilleadh oiliúna de dhíth ón mBord ar an ábhar seo.**

# 9. Corparáideach

## 9.1 Bainistíocht Riosca

### 9.1.1 Clár Riosca Corparáideach

Thug an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha.

Chuir comhalta Boird an Bord ar an eolas faoin riosca a bhaineann le reachtaíocht, ag tabhairt faoi deara go háirithe rialacháin AE amhail an Gníomh Eorpach maidir le hInrochtaineacht, 2025, agus an Gníomh Eorpach um an Intleacht Shaorga, 2024.

**D'fhormheas an Bord an dréacht-theimpléad do thuairisciú ar Phríomhrioscaí an Bhoird agus an dréacht-theimpléad do thuairisciú Rioscaí a Sháraíonn Fonn faoi réir leasaithe de bhun iarratas an Bhoird go mbreithneoidh an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca i gcomhairle leis an soláthraí seirbhíse agus leis an bhFoireann Bainistíochta rioscaí maidir le (i) an Gníomh Eorpach maidir le hInrochtaineacht a chomhlíonadh agus (ii) rioscaí a bhaineann le hOifig an Phríomh-Arailt agus conas mar a thagann na rioscaí sin isteach sa Chlár Riosca Corparáideach.**

**D'fhormheas an Bord na cúig Phríomhriosca Boird ardleibhéil a d'aithin an Feidhmeannas le haghaidh tuarascáil an Bhoird.**

**D'iarr an Bord ar an bhFeidhmeannas athbhreithniú a dhéanamh ar an nGníomh Eorpach maidir le hInrochtaineacht agus súil a choimeád dá hiarmhairtí don NLI agus pleanáil dá réir chun a chinntiú go bhfuil an NLI ag comhlíonadh an Achta.**

## 9.2 Cúrsaí Airgeadais

### 9.2.1 Cuntais Bhainistíochta don bhliain go dtí an 30 Aibreán 2024

Thug an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha.

Thug comhalta Boird ardmholadh do chatalóg NLI agus a chlár digitithe, rud a d'fhág gur cuireadh an chuairt ar Loch Garman ar fáil ar líne tríd an gcatalóg agus thug siad faoi deara an laghdú nach raibh fáilte roimhe sa bhuiséad digitithe. Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar iarrachtaí NLI chun leibhéil foirne sa réimse digitiú a mhéadú leis na haighneachtaí Meastacháin 2024 agus 2025. Phléigh an Bord an digitiú ag léiriú an tábhacht atá aige do shainchúram reachtúil NLI chun na bailiúcháin a chosaint agus iad a dhéanamh inrochtana.

**D'fhormheas an Bord na dréacht-Chuntais Bhainistíochta don bhliain go dtí an 30 Aibreán 2024.**

**D'iarr an Bord go n-áireofaí sa Tuarascáil Feidhmiúcháin liosta de na bailiúcháin a cuireadh ar fáil i bhformáid dhigiteach ar an gcatalóg agus go méadódh NLI a chumarsáid sheachtrach a mhéid a bhaineann le formáidí digiteacha nua a chuirtear leis an gcatalóg.**

**9.2.1 Litir Uiríll, Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh chuig an Aire agus Ráitis Airgeadais 2023**

Chuir an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca in iúl don Bhord go raibh na Ráitis Airgeadais 2023 (RA 2023) imréitithe ag an iniúchóir seachtrach, Mazars agus OCAG, le síniú nuair a chuirfear isteach an dréacht-téacs don Tuarascáil Bhliantúil 2023 agus an dréacht-Chlár Riosca Corparáideach, a bheidh an Feidhmeannas in ann soláthar don iniúchóir seachtrach go luath i mí Iúil.

**Thug an Bord faoi deara an mionteagasc ó bhéal ar Ráitis Airgeadais (RA) 2023 an Cheannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca.**

**D'aontaigh an Bord gur cheart RA 2023 a chur faoi bhráid CIR agus ansin chuig an mBord le haghaidh a gcéad chruinnithe eile, seachas más rud é gur chuir an t-iniúchóir seachtrach brú ar CIR agus an Bord tabhairt faoin gceist trí ríomhphost níos luaithe.**

**Thug an Bord faoi deara go ndéanfaidh an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca an Litir Uiríll agus Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a scaipeadh chuig an Aire agus chuig an mBord ag a chéad chruinniú eile agus go rachaidh an Ceannasaí i dteagmháil leis an iniúchóir seachtrach maidir leis an bhfráma ama atá de dhíth idir formheas an Bhoird don RA 2023, Tuarascáil Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus cur i láthair na RA 2023 do R/TCEGSM.**

**D'aontaigh an Feidhmeannas an dréacht is déanaí de na RA 2023 a scaipeadh chuig comhalta nuacheaptha CIR mar chuid dá n-ionduchtú.**

## 10. MoLI

Thug an Cathaoirleach faoi deara an dea-chaidreamh idir NLI agus MoLI, agus rannpháirtíocht MoLI leis an Stiúrthóir mar fhreagra ar bhreithnithe an Bhoird.

Thug an Stiúrthóir forléargas ar an bpáipéar ábhartha Boird agus thug sí mionteagasc ó bhéal don Bhord maidir le socruithe lamháltais in MoLI maidir lena tháille iontrála.

**Thug an Bord faoi deara an dréacht-Chomhaontú Iasachta nua idir NLI agus MoLI lena n-áirítear a Sceideal, agus dréacht-Nósanna Imeachta Iasachta nua NLI i dtaca le hábhar a tugadh ar iasacht do MoLI iad.** [redacted]

[redacted]

- [redacted]

[redacted]

11. **An chéad chruinniú Boird eile: Déardaoin an 29 Lúnasa 2024**

**Thug an Bord faoi deara go mbeidh an chéad chruinniú hibrideach eile den Bhord ar siúl Déardaoin an 29 Lúnasa 2024 i Seomra Boird NLI.**

12. **Aon Ghnó Eile**

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ó bhéal ar Iarratas Eisceachtúil ó Cheann na mBailiúchán Digiteach chuig an mBord agus an réasúnaíocht a bhí taobh thiar den iarratas.

**Thug an Bord formheas don Fheidhmeannach Iarratas Eisceachtúil a eisiúint trí ríomhphost chuig an mBord, roimh an gcéad chruinniú Boird eile, le formheas a lorg ón mBord chun conartha a dhámhachtain le haghaidh Stórála Digití agus Bonneagair Fhíorúlaithe.**

**Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.**